Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0170

Éifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2026 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda (COM(2025)0726 – C10-0245/2025 – 2025/0726(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0726),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0245/2025),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas ag an gcoiste freagrach de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 23 Aibreán 2026 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0012/2026),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina

dhiaidh seo é;

2. ag formheas an ráitis chomhpháirtigh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

3. ag iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. a threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2025)0726

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 19 Bealtaine 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí diúltacha na ró-acmhainneachta domhanda a bhaineann le trádáil ar mhargadh cruach an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/2170

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2026/1384)

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hallmhairiú táirgí cruach ón Rúis

Ó thús an chogaidh, tá bearta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit chun spleáchais eacnamaíocha ar an Rúis a laghdú agus chun oibriú chun a áirithiú nach rannchuideoidh gníomhaíocht eacnamaíoch an Aontais le hiarracht chogaidh na Rúise a choinneáil ar bun.

Leis na bearta sin, laghdaíodh go mór sreafaí trádála thar raon leathan earnálacha, lena n-áirítear cruach, cuireadh dlús leis an díchúpláil agus cuireadh le hathléimneacht an Aontais, agus léiríodh ag an am céanna cumas an Aontais gníomhú ar bhealach aontaithe cinntitheach nuair a bhíonn a luachanna agus a leasanna straitéiseacha i mbaol.

Ag an am céanna, ní mór don Aontas a bheith airdeallach i gcónaí ar na réimsí sin ina bhfuil spleáchais fós ann go háirithe maidir le táirgí cruach áirithe nach bhfuil toirmeasc iomlán ar a n-allmhairiú go fóill.

Go háirithe, déantar roinnt teoranta allmhairí de thionscnamh na Rúise san earnáil cruach go dtí an 30 Meán Fómhair 2028, i gcomhréir leis na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos sna bearta sriantacha ábhartha arna nglacadh ag an gComhairle[1]. Chun éagsúlú forchéimnitheach agus seasta a áirithiú, cuirtear uasteorainn leis na hallmhairí sin le cuótaí agus laghdaítear méideanna gach bliain.

Agus an creat institiúideach is infheidhme maidir le bearta sriantacha á mheabhrú acu, cuireann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach i bhfios go láidir go bhfuil na bearta sriantacha ábhartha a ghlac an Chomhairle ina mbonn taca faoi chonair i dtreo deireadh iomlán a chur de réir a chéile leis na hallmhairí táirgí cruach ón Rúis a dhéantar go fóill, go háirithe leaca cruach, faoin 30 Meán Fómhair 2028.

---

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj) agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).